

Ceardlann **FÓCAS AR AN BHFOGHLAIM**
01 INTINNÍ FOGHLAMA
& **CRITÉIR RATHA**

Nóta chuig Éascaitheoirí

Cad é aidhm an leabhráin seo?

Is cuid é seo de thacar cheithre leabhrán atá ceaptha chun cleachtas measúnaithe do mhúinteoirí in Éirinn a fhorbairt. Tá sé beartaithe go n-úsáidfí an tacar leabhrán agus na hábhair a bhaineann leo ar dhóigh sholúbtha a ligeann do mhúinteoirí réimse cuir chuige a thriail a chabhróidh leo cur chuige comhleanúnach a fhorbairt i leith an mheasúnaithe. Tá na hacmhainní seo dírithe ar phlé a éascú idir an fhoireann scoile go huile agus ar bhonn ábhair araon. Cé gur le haghaidh múinteoirí atá bainteach le foráis sa tsraith shóisearach é, is féidir an t-ábhar agus na cuir chuige a úsáid trasna na n-earnálacha ar fad.

Conas a úsáidtear an leabhrán seo?

Is féidir le scoileanna a roghnú conas an t-ábhar a úsáid agus a oiriúnú ar bhealach ar bith a fhoireann dá gcomhthéacs féin. Moltar go dtosófá leis an **láithreoireacht sleamhnán**. Is féidir ansin gur cabhair é na céimeanna a leanúint atá tugtha thíos, sin nó is féidir leat do phlean ceardlainne féin a fhorbairt.

Sa chás gur féidir, mholfaimis go n-úsáidfí an t-ábhar ar bhonn na scoile uile mar go léiríonn fianaise taighde gur dócha go leabóidh athruithe i gcleachtas measúnaithe má thugtar isteach iad ar bhonn córasach trasna na scoile uile.

Conas a oireann intinní foghlama agus critéir ratha don tsraith shóisearach?

Is tábhachtach go bpleanáiltear intinní foghlama agus critéir ratha chun go nascfar iad go dlúth leis na torthaí foghlama atá le fáil i sonraíochtaí na sraithe sóisearaí.

Sa chaoi sin feictear go gcomhlánaíonn próiseas leanúnach an mheasúnaithe fhoirmithigh gné shuimitheach an mheasúnaithe sa tsraith shóisearach agus go dtacaíonn sé léi. Féach ar del leathanach 6, le haghaidh sampla den chaoi ar féidir intinní foghlama, critéir ratha agus tasc measúnaithe a nascadh le torthaí foghlama.

Má tá tú rún agat ceardlann a éascú le baill foirne, breathnaigh ar dtús ar Threoir an Éascaitheora is féidir a íoslódáil ag

www.juniorcycle.ie/assessment

Gluais Leathanaigh



Bileoga oibre

Úsáidtear an tsiombail seo a leanas síos tríd an leabhrán chun gníomhaíochtaí agus bileoga oibre a thaispeáint is féidir a fhótachóipeáil le húsáid i gceardlann.

Céim 1

Is féidir an láithreoireacht sleamhnán a úsáid chun *intinní foghlama & critéir ratha* a chur i láthair grúpa iomlán foirne. Tá roinnt leideanna sa sleamhnán deireanach den láithreoireacht le haghaidh plé foirne bunaithe ar príomhtheachtaireachtaí na láithreoireachta.

Céim 2

Tar éis na láithreoireachta, moltar go mbreathnódh an fhoireann ar fhíseán gearr de Dylan Wiliam agus é ag caint ar mheasúnú foirmitheach.



Dylan Wiliam 'Measúnú Foirmitheach'
(2 nóim. 18)

Leidcheisteanna le haghaidh plé foirne:

San fhíseán tugann Dylan Wiliam roinnt ráiteas faoi mheasúnú foirmitheach.

Ciallaíonn measúnú foirmitheach:

'Using information to adapt your teaching...to put the learning back on track'

'Taking constant readings about where learners are...and if the learning is not proceeding as planned making adjustments'

'Minute by minute, day by day.... allowing teachers to reflect on their practice'

Pléigh cé chomh cóngarach is atá na ráitis sin do do chleachtas féin. Cad iad na dúshláin agus na tairbhí is mó a bhaineann le cleachtas measúnú foirmitheach a thabhairt isteach i do sheomra ranga?



Céim 3

Ag leanúint ón bplé sin is féidir anois na hábhair cheardlainne sa leabhrán seo a iniúchadh. Is féidir breathnú ar na gníomhaíochtaí seo agus dul ina gceann in aon ord a oireann do chomhthéacs na scoile, agus ní gá, ná níl sé ceaptha, go dtabharfaí fúthu san ord ina léirítear iad sa leabhrán seo.

Céim 4

Priontáil amach na cártaí plé agus na póstaer. Is féidir iad sin a úsáid chun tuilleadh caibidle agus smaointeoireachta a spreagadh nó tig iad a chur ar taispeáint ar fud na scoile chun na príomhtheachtaireachtaí a dhaingniú agus chun cabhrú leis an bhfoireann a gcleachtas sa réimse sin a fhorbairt a thuilleadh.

Meall an fhoireann chun gaisneas a bhaint as an ábhar atá molta leis seo i roinn na léitheoireachta breise.

Cad iad intinní foghlama agus critéir ratha?

Cad iad intinní foghlama?

Is ráiteas é an intinn foghlama a chruthaíonn an múinteoir le haghaidh ceachta nó sraith de cheachtanna, ráiteas a chuireann síos go soiléir cad é is mian leis an múinteoir a bheadh ar eolas ag na scoláirí, a thuigfeadh siad, agus a bheadh siad ábalta a dhéanamh de thoradh na ngníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama. Ba chóir go gcabhródh intinní foghlama soiléire leis na scoláirí díriú ní hé amháin ar an tasc ná ar an ngníomhaíocht atá ar siúl ach ar an méid atá siad a fhoghlaim. Bíonn intinní foghlama i gcónaí nasctha le ceann amháin nó níos mó de na torthaí foghlama sa tsonraíocht.

Cad iad critéir ratha?

Bíonn na critéir ratha nasctha leis na hintinní foghlama. Is é an múinteoir agus/nó an scoláire a fhorbraíonn iad agus déanann siad cur síos ar an gcuma a bheadh ar iarracht rathúil. Cabhraíonn siad leis an múinteoir agus leis an scoláire breithiúnas a dhéanamh ar chaighdeán foghlama scoláirí.

Cén fáth ar chóir dom intinní foghlama agus critéir ratha a úsáid?

D'ainneoin go bhfimid intinní foghlama trínár gcuid cáipéisí pleanála, ní bhímid i gcónaí maith ag roinnt intinní foghlama agus critéir ratha lenár gcuid scoláirí. Ag an am céanna, is mian linn ár gcuid scoláirí a bheith féin-inspreagtha agus díocasach dícheallach i mbun a gcuid oibre.

Mar sin de...cén fáth a mbeimis ag iarraidh na hintinní foghlama a choimeád ceilte ónár gcuid scoláirí?

An luach atá le hintinní foghlama agus critéir ratha

Léiríonn an taighde faoi scoláirí a fhaigheann an t-eolas seo go rialta sa seomra ranga go mbíonn siad:

- níos dírithe ar feadh tréimhsí ama níos faide
- níos inspreagtha agus níos gníomhaí ina gcuid foghlama
- níos ábalta freagracht a ghlacadh as a gcuid foghlama féin.



Mar sin de tá sé fíorthábhachtach go gcomhroinnimid intinní foghlama lenár gcuid scoláirí!

D'fhonn na huirlisí a thabhairt dár scoláirí a theastaíonn uathu chun níos mó freagrachta a ghlacadh as a gcuid foghlama agus níos mó neamhspleáchas foghlama a bheith acu, ní mór dúinn a chur in iúl dóibh:

- cad é atá siad ag dul a fhoghlaim
- cén fáth ar chóir dóibh é a fhoghlaim sa chéad dul síos
- conas a aithneoidh siad nuair a éireoidh leo.

An féidir linn a bheith soiléir faoin téarmaíocht?

Ní rud nua é intinní foghlama a úsáid. Úsáideann múinteoirí an téarma 'spriocanna foghlama' freisin nó 'aidhmeanna foghlama' chun an fhoghlaim a roinnt lena scoláirí. Úsáidtear an téarma 'intinní foghlama' sna hacmhainní seo de bhrí go gcuireann sé níos mó béime ar **phróiseas** na foghlama seachas ar an táirge deiridh. Baintear úsáid freisin as an téarma 'intinní foghlama' i bhfoilseacháin eile de chuid an CNCM, lena n-áirítear *Treoirlínte CNCM do Bhunscoileanna – Measúnú i gCuraclam na Bunscoile*.

An dtacóidh sé seo le forbairt Príomhscileanna?

Nuair a chomhroinneann múinteoirí le scoláirí an méid a bheidh siad a fhoghlaim (an intinn foghlama) agus na rudaí atá siad a lorg in obair a gcuid scoláirí (critéir ratha) cabhraíonn sé sin le scoláirí an scil a fhorbairt chun iad féin a bhainistiú. Forbróidh siad leis príomhscileanna eile amhail Cumarsáid a dhéanamh (agus iad ag tabhairt agus ag fáil aiseolais) agus Fanacht folláin, de réir mar a éiríonn siad níos muiníní agus níos dearfaí faoina gcuid foghlama.

[Íoslódáil creat na bpríomhscileanna le haghaidh níos mó mionsonraí.](#)

An nasc a dhéanamh idir torthaí foghlama, intinní foghlama agus critéir ratha

Seo sampla den chaoi ar fhorbair múinteoir intinní foghlama, critéir ratha agus tasc measúnaithe agus iad nasctha le torthaí foghlama don Bhéarla sa tSraith Shóisearach. Tá tuilleadh samplaí le fáil ar www.curriculumonline.ie

Scríobh léirmheas leabhair – Bliain 1

Torthaí Foghlama

Teanga ó Bhéal

5. Téacs gearr ó bhéal a thabhairt, i d'aonar agus/nó i gcomhar le daoine eile, ag úsáid teanga, stíl agus inneachar amhairc cuí le haghaidh pobail éisteachta ar leith agus cuspóir roghnaithe.

Léitheoireacht

4. Focalstór cuí critice a úsáid le linn freagra a thabhairt ar théacsanna liteartha.

5. Tabhairt faoi léitheoireacht leanúnach chiúin mar ghníomhaíocht phléisiúrtha a bhfuil cuspóir léi, an méid atá foghlamtha acu faoi éifeachtúlacht téacsanna labhartha agus scríofa a chur i bhfeidhm i dtaca lena dtaithe féin ar an léitheoireacht.

Scríbhneoireacht

4. Scríobh go cumasach i réimse múnlaí téacs, mar shampla, tuairisc, téacs ilmhódach, léirmheas, blog, ag úsáid stór focal cuí, tuin agus stíleanna éagsúla chun cuspóir roghnaithe a chomhlíonadh le haghaidh pobail éisteachta dhifriúla.

7. Freagairt le samhlaíocht i scríbhinn dá dtéacsanna agus léirtheiscint chriticiúil a thaispeáint do theanga, stíl agus ábhar, rogha focal, patrúin teanga, tuin agus íomhána.

Intinn Foghlama

Táimid ag foghlaim chun leabhair a léamh ar mhaithe le pléisiúr, agus chun an taitneamh sin a chur in iúl trí léirmheas dea-scríofa ar leabhar dár rogha féin.

Tasc

Maireann **tionscadal léitheoireachta** do scoláirí na chéad bhliana ar feadh 6 go 8 seachtaine. Léann scoláirí ó liosta de leabhair dualgais. Eagraítear scoláirí ina ngrúpaí léitheoireachta (4/5 scoláire i ngach grúpa). Aontaíonn gach grúpa ar an leabhar atá le léamh agus tarlaíonn an léitheoireacht sa seomra ranga agus sa bhaile. Léann gach grúpa ceithre leabhar san iomlán.

Ag deireadh an ghrúpoibre roghnaíonn na scoláirí aonair leabhar a thaitin leo agus scríobhann léirmheas. Is féidir an léirmheas a chur i bpunann scríbhneoireachta an scoláire agus is féidir é a úsáid freisin mar bhunús le láithreoireacht ó bhéal.

Critéir Ratha

- Léiríonn tuiscint ar an seánra nó ar an bhfoirm a roghnaíodh
 - Eolas ar an téacs atá le léirmheas
 - Cuireann in iúl gur spéis leo an téacs go mór (nó a mhalairt)
 - Baineann dea-úsáid as tagairtí gan an iomarca eolais a thabhairt ar shiúl
 - Glacann seasamh critice cuí
 - Déanann moladh soiléir
- Cuireann smaointe in iúl go líofa, go samhlaíoch, agus le smacht ar a gcuid tuairimí
- Léirítear inniúlacht mheicniúil sa scríbhneoireacht

Seachas sin, thiocfadh na critéir sin a chur in iúl i dteanga a thuigfeadh scoláirí go réidh m.sh.:

- Léirim go bhfuil eolas maith agam ar an leabhar
- Cuirim in iúl go dtaitníonn an téacs liom (nó taispeánaim go soiléir na píosaí nach maith liom)
- Cuirim mo chuid smaointe in iúl go líofa agus roghnaím na focail is na frásaí cuí den chuid is mó
- Tá mo chuid scríbhneoireachta cruinn agus bíonn an litriú agus an ghramadach ceart

Torthaí Foghlama

Intinní foghlama

Critéir Ratha



Gníomhaíocht 1:

Intinní Foghlama...Conas atá ag éirí linn?

Bí ag obair i d'aonar nó le páirtí agus ansin pléigh a fheabhas a d'fhorbair tú do chleachtas ranga trí intinní foghlama a úsáid.

Cuir soilse tráchta le do fhreagraí ar na ceistanna thíos ag úsáid an chóid seo:


I gcónaí



Uaireanta



Riamh



Socraím intinní foghlama le mo scoláirí



Déanaim cinnte de go mbíonn na hintinní foghlama i dteanga a thuigfidh scoláirí go héasca



Úsáidim focail atá bainteach le foghlaim



Déanaim cinnte de go mbíonn an intinn foghlama soiléir agus go mbíonn nasc idir í agus an pictiúr mór .i. cuspóir na foghlama



Úsáidim intinní foghlama SICRU – sainiúil, intomhaiste, comhaontaithe, réalaíoch agus uainithe



Athbhreithním intinní foghlama le linn an cheachta agus ag deireadh an cheachta



Gníomhaíocht 2: Ón déanamh go dtí an fhoghlaim

Le linn intinní foghlama a phlé is tábhachtach díriú ar an méid a bheadh foghlamtha ag scoláirí faoi dheireadh an cheachta nó na gníomhaíochta .i. cad é an t-ábhar foghlamtha a ba cheart dóibh a choimeád agus a bhreith leo.

Breathnaigh ar na gníomhaíochtaí thíos go bhfeicfidh tú conas a forbraíodh iad ina n-intinní foghlama. Smaoinigh ar ghníomhaíocht a d'úsáidfeá féin i gceann de do chuid ranganna agus socraigh conas a d'fhéadfadh é sin a fhorbairt ina shraith d'intinní foghlama.

Comhroinn do smaointe le do pháirtí:

Gníomhaíocht foghlama

Fiosrúchán a phleanáil chun éifeachtúlacht choibhneasach sóid bhácála a thomhas mar chóir leighis frithaigéadach

Tabhair aitheasc ar son nó i gcoinne pionós corpartha

Oibrigh i ngrúpa chun bileog a dhearadh a chuirfidh bia sláintiúil chun cinn

Anois bain féin triail as trí thosú le gníomhaíocht a d'úsáidfeá i do sheomra ranga agus déan amach roinnt intinní foghlama. B'fhéidir gur cabhair agat tagairt siar do roinnt de na ceisteanna i nGníomhaíocht 1 mar threoir.

Cuimhnigh go gcaithfidh intinní foghlama a bheith leathan go leor ionas nach gcuirfeadh siad teorainn ar na deiseanna le haghaidh réimse leathan eispéiris foghlama.

Cuimhnigh freisin go n-iompraítear intinní foghlama nó sraith d'intinní foghlama ar aghaidh, uaireanta, trí níos mó ná ceacht amháin.

Intinní foghlama

A bheith ábalta:

- Hipitéis intástáilte a scríobh
- Socrú cé na modhanna is oiriúnaí chun fiosrúchán a dhéanamh
- Míniú conas a cuireadh san áireamh iontaofacht, cothroime agus sábháilteacht

A bheith ábalta:

- Tuairim a chur in iúl ar dhóigh áititheach

A bheith ábalta:

- Oibriú go héifeachtach i ngrúpa
- Aontú ar na príomhtheachtaireachtaí a ba chóir a chur isteach ann
- Na bealaí is éifeachtaí a mheas chun na teachtaireachtaí a chur trasna ó amharc.



Gníomhaíocht 2

Ón déanamh go dtí an fhoghlaim

Bain úsáid as an mbileog oibre seo chun roinnt intinní foghlama a fhorbairt bunaithe ar ghníomhaíochtaí ranga ata tú a phleanáil.

Gníomhaíocht	Intinn Foghlama



Gníomhaíocht 3

Critéir Ratha... Conas atá ag éirí linn?

Bí ag obair i d'aonar nó le páirtí agus ansin pléigh a fheabhas a d'fhorbair tú do chleachtas ranga trí *critéir ratha* a úsáid.

Cuir soilse tráchta le do fhreagraí ar na ceisteanna thíos ag úsáid an chóid seo:


I gcónaí



Uaireanta



Riamh



Nuair a shocraím tascanna comhroinnim critéir ratha le mo scoláirí

Bíonn na critéir ratha nasctha leis an intinn foghlama

Bíonn na critéir ratha sainiúil agus coincréiteach

Bíonn tuiscint shoiléir ag na scoláirí ar na critéir ratha

Pléim na critéir ratha leis na scoláirí agus aontaímid iad le chéile

Úsáidim na critéir ratha do thascanna mar bhonn le haghaidh aiseolas a thabhairt do scoláirí ar na tascanna sin

Úsáidim na critéir ratha chun tacú le piarmheasúnú agus/nó féinmheasúnú scoláirí

Athbhreithním intinní foghlama le linn an cheachta agus ag deireadh an cheachta

Gníomhaíocht 4:

Ó intinní foghlama go critéir ratha

Léiríonn na samplaí thíos conas a thiocfadh leat bogadh ó intinní foghlama chun critéir ratha a fhorbairt.

Intinní foghlama	Critéir ratha
<p>A Bheith ábalta:</p> <ol style="list-style-type: none">Hipitéis intástáilte a scríobhSocrú ar na modhanna is oiriúnaí chun fiosrúchán a dhéanamhMíniú conas a cuireadh san áireamh iontaofacht, cothroime agus sábháilteacht	<ul style="list-style-type: none">Cumann, pléann agus roghnaíonn ceisteanna spéisiúla le fiosrúÚsáideann smaointe eolaíochta chun tuartha intástáilte a dhéanamhMolann níos mó ná bealach amháin chun an cheist a scrúdúMíníonn na coibhneasa tuartha idir na hathróaAithníonn agus cosnaíonn an chaoi is oiriúnaí chun imscrúdú a dhéanamhDéanann measúnú riosca den mhodh molta agus leagann amach réamhchúraimí riachtanacha sábháilteachta<ul style="list-style-type: none">aimsíonn na hionstraimí bailiú sonraí is oiriúnaí chun sonraí iontaofa a thaifeadAithníonn na srianta ata ar chruinneas na sonraí atá le taifead
<p>A Bheith ábalta:</p> <p>Tuairim a chur in iúl ar dhóigh áititheach</p>	<ul style="list-style-type: none">Tosú le habairt mhaith oscailteCúiseanna agus samplaí a lua chun tacú le d'argóintTeanga chorraitheach agus áititheach a úsáid (amhail 'Is cinnte')Greann, scéalta agus/nó ceisteanna a úsáid chun aird do lucht éisteachta a fháilCríochnú le ráiteas láidirAmharc ar do lucht éisteachta



Gníomhaíocht 4

Ó intinní foghlama go critéir ratha

Bain úsáid as ceann amháin de na hintinní foghlama a d'fhorbair tú sa ghníomhaíocht roimhe seo agus scríobh anois roinnt critéir ratha atá gaolmhar leo. Comhroinn agus pléigh do shampla le do pháirtí.

Intinní Foghlama	Critéir Ratha

Na Chéad Chéimeanna Eile againn a Phleanáil

Tá súil againn gur cabhair agat an cheardlann seo chun do chuid smaointeoireachta a fhorbairt faoin gcaoi chun intinní foghlama agus critéir ratha a úsáid i do sheomra ranga.

Iarrtar ort anois smaoiniamh ar chúpla réimse inar mhaith leat feabhas a chur ar do chleachtas maidir le hintinní foghlama / critéir ratha a shocrú. B'fhéidir gur cabhair agat tagairt do na ceisteanna soilse tráchta ar an leathanach roimhe seo mar threoir.

Murar úsáid tú intinní foghlama agus critéir ratha roimhe seo moltar duit tosú go beag agus ar dhóigh fhócasaithe. Is ceart duit an t-athrú sa chleachtas a phleanáil le rang amháin, b'fhéidir, ag an tús. Is iomaí múinteoir a fhaigheann úsáideach é a dtaithe ar intinní foghlama agus critéir ratha a phlé le múinteoirí eile agus loga a choimeád de dheacracht ar bith a bhíonn acu. Is tábhachtach go roinnfidh tú le do scoláirí cén fáth a bhfuil tú ag athrú do chleachtais agus conas a rachaidh sé sin chun sochair dá gcuid foghlama. Chonacthas do mhúinteoirí áirithe gur cabhair é na hathruithe seo a phlé le tuismitheoirí freisin.



Gníomhaíocht

Agus tú ag úsáid na bileoige pleanála leis seo, leag amach cén chaoi is rún leat forbairt na n-intinní foghlama agus na gcritéir ratha a thabhairt chun cinn i do sheomra ranga sna chéad 3 mhí eile.

B'fhéidir go mbeadh sé ina chabhair tosú ar d'fhorbairt a phleanáil trí dhírú ar roinnt bheag réimsí a shainigh tú le dath 'dearg' le linn iniúchadh na soilse tráchta thuas.



Na Chéad Chéimeanna Eile a Phleanáil:

Bileog Phleanála

Amscála/Rang	Príomhréimse atá le forbairt	Breathnuithe/Smaointe

Ceisteanna le cur san áireamh ag cruinniú roinn ábhair

Is féidir go socródh scoil go ndíreoidh siad ar Mheasúnú mar réimse a trí den Fhéinmheastóireacht Scoile (FMS). Thiofadh leo socrú a dhéanamh díriú go háirithe ar mheasúnú foirmitheach. Bheadh na ceisteanna seo a leanas ina leideanna úsáideacha chun cabhrú le fianaise a bhailiú ag leibhéal roinn ábhair faoin gcleachtas reatha i dtaca le measúnú foirmitheach. Thiofadh torthaí an phlé ar cheisteanna den chineál sin a chur le plé na foirne uile agus ar deireadh chabhródh sé sin leis an scoil a cuid láidreachtaí agus na réimsí atá le forbairt aici a aithint i dtaca le measúnú foirmitheach. Bheadh sé sin mar bhonn eolais ansin faoin bplean feabhsúchán scoile.

**Cad é an tuiscint atá agam/
againn ar na téarmaí ‘intinn
foghlama’ agus ‘critéir ratha’?**

**Conas a thig liom/linn samplaí
d’intinní foghlama agus critéir
ratha a chomhroinnt lena
cheile?**

**Conas is féidir linn intinní
foghlama agus critéir ratha a
úsáid chun cabhrú linn pleanáil
don mheasúnú san ábhar seo?**

**Conas is féidir linn scoláirí
a dhéanamh rannpháirteach
agus muid ag socrú critéir
ratha san ábhar seo?**

**An soláthraím/id deiseanna do
scoláirí a gcuid oibre féin agus
obair a chéile a mheas le taobh
critéir chomhaontaithe?**

Pléchártaí

Is féidir na pléchártaí a ghearradh amach agus a úsáid chun plé i mionghrúpaí a spreagadh mar chuid de chruinniú leis an bhfoireann uile nó de chruinniú pleanála ábhair.

Pléchárta 1

Intinní foghlama a dhíríonn ar eolas

Smaoinigh ar na cineálacha difriúla eolais is mian leat do scoláirí a fhoghlaim:

- Eolas faoi thopaic ar leith (fios a bheith acu faoi chineálacha difriúla cothromóidí)
- Eolas ar an gcaoi a ndéantar rud áirithe, ar na céimeanna atá i gceist chun rud éigin a tháirgeadh (fios a bheith acu conas a tógadh Spíce Bhaile Átha Cliath)

- Eolas ar an gcúis a dtarlaíonn rud éigin (fios a bheith acu cén fáth a n-athraíonn patrúin vótála trasna aoisraonta)
- Eolas ar an gcúis a dtarlaíonn rud éigin (fios a bheith acu cad is cúis le stoirm thoirní)

Déan amach roinnt intinní foghlama ar eolas do cheann de do ranganna ag úsáid an treoirleabhair seo.

Pléchárta 2

Intinní foghlama a dhíríonn ar scileanna

Le linn intinní foghlama a fhorbairt a dhíríonn ar scileanna, b'fhéidir gur cabhair agat é tosú leis na focail 'a bheith ábalta' agus clásal ainm briathartha a chur ina dhiaidh.

Mar shampla

- A bheith ábalta achoimre a scríobh
- A bheith ábalta fadhb a réiteach ag úsáid níos mó ná teicníc amháin
- A bheith ábalta oibriú mar bhall foirne

- A bheith ábalta straitéisí áititheacha a úsáidtear in aitheasc a aithint
- A bheith ábalta triail a bhaint as réimse de theicnící grafaice d'fhonn éifeacht áirithe a chruthú

Déan amach roinnt intinní foghlama ar scileanna do cheann de do ranganna ag úsáid an treoirleabhair seo.

Plécharta 3

Intinní foghlama a dhiríonn ar thuiscint

Caithfidh múinteoirí forbairt a dhéanamh ar an tuiscint atá ag a gcuid scoláirí trí thógáil ar an eolas a bhí acu roimh ré. D'fhéadfadh scoláire comharthaí an téimh dhomhanda a liostú, cuir i gcás, agus dá réir eolas a thaispeáint orthu agus b'fhéidir freisin go dtiocfadh leo roinnt éifeachtaí de chuid an téimh dhomhanda a liostú. Éilíonn an tuiscint áfach go dtógann an scoláire ar a c(h)uid eolais agus go dtagann ar thuiscint faoi na cúiseanna is leithne agus faoi iarmhairtí téamh domhanda.

Mar sin de, méadaíonn an tuiscint sealbhú an eolais agus trí intinní foghlama a dhearadh, cinntíonn múinteoirí go mbíonn taithí ag scoláirí ar fhoghlaim níos doimhne den chineál sin.

Mar shampla

- Cúiseanna Éirí Amach na Cásca a thuiscint
- Éifeachtaí réimse bia cothromaithe ar an tsláinte a thuiscint
- Tuiscint a bheith acu conas is féidir le teanga chorraitheach dul i gcion ar lucht éisteachta
- Fios a bheith acu cad iad na suíomhanna idirlín is iontaofa le húsáid ar son cuspóirí taighde
- Naisc idir an bhochtaineacht agus aighneas a thuiscint

Déan amach roinnt intinní foghlama ar thuiscint do cheann de do ranganna féin ag úsáid na treorach thuas.

Plécharta 4

Critéir Ratha

Chun achoimriú mar sin de...

- Bíonn critéir mhaithe ratha ceangailte go dlúth leis an intinn foghlama
- Ba chóir go dtuigfí go réidh iad agus go mbeadh siad scríofa i dteanga atá furasta ag scoláirí
- Ba chóir iad a phlé agus a chomhaontú le scoláirí sula dtugtar faoin ngníomhaíocht
- Ba chóir go ndíreodh siad ar ghnéithe ar leith den obair a bheidh á meas agus ar a bhfuil á fhoghlaim ag an scoláire seachas ar an rud atá sé/sí a dhéanamh.

Agus na pointí thuas ar intinn agat, pléigh gach ceann de na critéir ratha seo a leanas agus abair cé acu a bheadh siad ina gcabhair ag an scoláire nó nach mbeadh. Mol athruithe chun feabhas a chur ar na cinn nach bhfuil cúntach.

- Tá mé ag iarraidh go scríobhfadh sibh aiste ina mbeidh paragraf gearr intreorach agus paragraf dúnta. Lena chois sin, ba chóir go dtosódh gach paragraf, ach ab é an chead cheann, le nasc-abairt shoiléir.

- Tá mé ag iarraidh go ndéanfadh gach duine portráid.
- Tá mé ag iarraidh go ndéanfadh sibh taifead cruinn de thorthaí an turgnaimh agus go míneodh sibh na patrúin ag úsáid an eolais atá agaibh cheana.
- Tá mé ag iarraidh go mbainfeadh sibh úsáid as tuin, tuinairde agus dinimic chun mothú an dáin a léiriú.
- Tá mé ag iarraidh píchairt a bheith déanta ar ríomhaire a thaispeánann na difríochtaí idir roghanna fear agus ban bunaithe ar na sonraí go léir ó na nuachtáin uile a tugadh.
- Tá mé ag iarraidh go bhfaigheadh gach duine ar a laghad 8 bhfreagraí ceart as 10.
- Tá mé ag iarraidh go dtaispeánfadh sibh conas is féidir libh bhur dtuairim den achar a sheiceáil trí thomhas a dhéanamh agus a fháil amach má tá roinnt de na cruthanna níos mó ná cinn eile nó an gclúdaíonn siad an t-achar céanna.

Plécharta 5

Logáil isteach ar www.juniorcycle.ie agus téigh go dtí fiseáin Príomhscileanna. Ansin faoin gceannteideal 'Cumarsáid a dhéanamh' cliceáil ar an [sampla Béarla/Staidéar sna Meáin](#).



Sampla Béarla/Staidéar sna Meáin
(4 nóim 12 soic)

Breathnaigh an chaoi a leagann an múinteoir seo amach intinn shoiléir foghlama agus conas a shocraíonn sí critéir ratha.

Pléigh

Cad é eile a thugann tú faoi deara faoin gceacht seo? Cad iad na heilimintí a chinntíonn go n-éiríonn leis? An bhfuil aon rud a dhéanfá féin go difriúil?

Plécharta 6

Fiafraíonn roinnt múinteoirí

An gcaithfidh mé é sin a dhéanamh do gach ceacht nó gach rang? Conas a gheobhaidh mé an t-am chuige?

É sin nó thiocfadh leo a rá

'Scríobhaim an intinn foghlama ar an gclár gach lá ach ní bhaineann na scoláirí mórán as dáiríre.'

Pléigh

Conas is féidir leat a chinntiú go mbíonn an cleachtas seo furasta a bhainistiú sa chéad dul síos agus go mbainfear brí agus tairbhe as?

Póstaeir

Tá póstaeir ar na leathanaigh a leanas is féidir a úsáid mar chuid de cheardlann chun atreisiú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí an leabhráin seo.



Intinní Foghlama

Na tairbhí

Tagann
feabhas ar
cháilíocht na
hoibre

Feabhsóidh
an t-iompar

Éireoidh scoláirí
níos dírithe ar
thascanna agus
cloífidh siad leo ar
feadh tréimhse níos
faide

Bíonn
dialóg
shaibhir idir
múinteoir agus
scoláire

Tá an
t-aiseolas
níos fusa

Critéir Ratha



Caithfear iad a
nascadh go
soiléir leis an
intinn foghlama

Caithfear
iad a
phleanáil
roimh ré

Caithfidh
úinéireacht
bheith ag an
scoláire orthu

A bhuíochas
dóibh bíonn
teagasc agus
foghlaim níos
dírithe agus níos
rathúla

Caithfidh siad
a bheith leathan
go leor go
mbainfidh siad le
gach cumas sa
rang

Gluais

Torthaí Foghlama

Is ráitis i sonraíochtaí curaclaim iad na torthaí foghlama chun cur síos a dhéanamh ar an tuiscint, na scileanna agus na luachanna a ba chóir do scoláirí a bheith ábalta a léiriú i ndiaidh tréimhse foghlama.

Intinní Foghlama

Is ráiteas é an intinn foghlama a chruthaíonn an múinteoir le haghaidh ceachta nó sraith de cheachtanna, a chuireann síos go soiléir cad é is mian leis an múinteoir a bheadh a fhios ag na scoláirí, a thuigfeadh siad agus a bheadh siad ábalta a dhéanamh de thoradh na gníomhaíochtaí foghlama agus teagaisc.

Critéir Ratha

Bíonn na critéir ratha nasctha leis na hintinní foghlama. Is é an múinteoir agus/nó an scoláire a fhorbraíonn iad agus déanann siad cur síos *ar an gcuma* a bheadh ar iarracht rathúil.

Measúnú Leanúnach

Mar chuid dá gcuid oibre sa seomra ranga, tugann scoláirí faoi ghníomhaíochtaí measúnaithe ar féidir leo a bheith foirmitheach nó suimitheach ina ndéanamh. Déanann múinteoirí measúnú mar chuid dá gcleachtas laethúil trí bhreathnú agus éisteacht le linn do scoláirí a bheith i mbun tascanna, trí amharc ar an méid a scríobhann siad agus a dhéanann siad, agus trína chur san áireamh an chaoi a bhfreagraíonn siad, a gcumann siad agus a gcuireann siad ceisteanna. Úsáideann múinteoirí an t-eolas measúnaithe seo chun cabhrú le scoláirí na chéad chéimeanna eile ina gcuid foghlama a phleanáil. Ó am go chéile, beidh an measúnú seo i suíomhanna níos struchtúrtha agus níos foirmiúla ina mbeidh ar mhúinteoirí léargas a fháil ar dhul chun cinn na scoláirí d'fhonn cinntí a dhéanamh ar phleanáil don todhchaí agus d'fhonn tuairisc a thabhairt ar dhul chun cinn. Seans go mbeidh ar scoláirí tionscadail, imscrúduithe, cás-staidéir agus/nó teisteanna a dhéanamh mar chuid de sin agus seans go dtitfidh sé amach ag pointí ama ar leith ar fhéilire na scoile.

Measúnú Foirmitheach

Bíonn measúnú foirmitheach (nó múnlaiteach) nuair a úsáidtear nósanna imeachta foirmiúla nó neamhfhoirmiúla chun fianaise a bhailiú ar an bhfoghlaim le linn an phróisis fhoghlama, agus a úsáidtear é chun an teagasc a chur in oiriúint do riachtanais scoláirí. Ligeann an próiseas seo do mhúinteoirí agus do scoláirí eolas a bhailiú faoi dhul chun cinn scoláirí, agus coigeartuithe a mholadh i leith chur chuige teagaisc an mhúinteora agus cur chuige foghlama an scoláire. Clúdaíonn measúnú chun foghlama na gnéithe uile den mheasúnú foirmitheach ach go mbíonn sé dírithe go speisialta ar ról gníomhach a bheith ag an scoláire ina c(h)uid foghlama.

Measúnú Suimitheach

Bíonn an measúnú suimitheach nuair a úsáidtear é chun luacháil a dhéanamh ar fhoghlaim scoláirí ag deireadh an phróisis teagaisc nó tréimhse foghlama áirithe. Is é an cuspóir atá leis achoimre a thabhairt ar chuid éachtaí scoláirí agus a oibriú amach cé acu agus go dtí cén pointe a léirigh scoláirí tuiscint ar an bhfoghlaim sin trína cur i gcomórtas le critéir ratha nó gnéithe cáilíochta comhaontaithe.

Gnéithe Cáilíochta

Is iad seo na ráitis i sonraíochtaí an ábhair a úsáidtear chun gráid ghnóthachtála a bhronnadh don teistiúchán. De bhrí go bhfuil critéir ratha nasctha go dlúth le hintinní foghlama agus bunaithe ar phróisis laethúla an tseomra ranga, de réir a chéile beidh foghlaim scoláirí ina léargas ar na héilimh a leagtar amach sna gnéithe cáilíochta a úsáidtear le haghaidh teistiúcháin.

Breis léitheoireachta

Assessment: The Bridge between Teaching and Learning (Dylan Wiliam, 2013) Ar fáil ag

Inside the Black Box: Raising Standards Through Classroom Assessment (Paul Black agus Dylan Wiliam, Kings College, Londain, 1998)

Embedded Formative Assessment (Dylan Wiliam, Solution Tree, 2011)

Formative Assessment in Action (Shirley Clarke, Hodder Murray, 2005)

Assessment for Learning: Putting it into practice (Paul Black, Christine Harrison, Clare Lee, Bethan Marshall agus Dylan Wiliam, OUP, 2003)

Working Inside the Black Box (Paul Black, Christine Harrison, Clare Lee, Bethan Marshall agus Dylan Wiliam, Kings College, Londain, 2002)

Mathematics Inside the Black Box (Jeremy Hodgen agus Dylan Wiliam, NferNelson, 2006)

English Inside the Black Box (Bethan Marshall agus Dylan Wiliam, NferNelson, 2006)

Assessment for Learning: Mark less to achieve more (Ian Smith, Learning Unlimited, 2003)

Science Inside the Black Box (NferNelson, 2006)

Visible learning for teachers: Maximising impact on learning (John Hattie, Routledge 2012)

Suíomhanna Gréasáin Úsáideacha

[Uirlisí Úsáide Measúnaithe](#)

[Físeáin ar Phríomhscileanna](#)

[Breathnaigh ar an sampla seo de mhúinteoir ag socrú intinn foghlama agus critéir ratha atá soiléir](#)


[Suíomh Gréasáin Dylan Wiliam](#)

[Association for Achievement and Improvement through Assessment](#)

[Kings College Assessment Group](#)

Creidiúint: Is mian leis an CNCM aitheantas a thabhairt don Chomhairle Churaclaim, Scrúduithe agus Measúnachta, Tuaisceart Éireann (www.rewardinglearning.org.uk) agus do Education Scotland (www.journeytoexcellence.org.uk) agus buíochas a ghlacadh leo as ábhair a úsáid sna leabhráin seo.

Arna fhoilsiú ag an CNCM, Meán Fómhair 2015



35 Cearnóg Mhic Liam, Baile Átha Cliath D02 KH36.
T: +353 1 661 7177 F: +353 1 661 7180 E: info@ncca.ie

www.ncca.ie